AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.4.2022
COM(2022) 181 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna dtabhairt don Choimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna dtabhairt don Choimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú

1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (AE) 2017/2391 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 maidir leis na típeolaíochtaí críochacha (Tercet), rinneadh ailíniú ar na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis (Airteagal 3(4)) agus liosta na n-Aonad Riaracháin Áitiúil in Iarscríbhinn III a ghabhann leis (Airteagal 4(1)) a leasú ar bhonn na n-athruithe sna haonaid riaracháin a bheidh curtha in iúl dó ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 5(1). Sa bhreis air sin, le hAirteagal 5(4) tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a chun aicmiú NUTS (Iarscríbhinn I) dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(4) a leasú ar bhonn na n-athruithe sna haonaid chríochacha a bheidh curtha in iúl dó ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 5(1).

2. BUNÚS DLÍ

Faoi Airteagal 7ú(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, tugtar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh go ceann tréimhse 5 bliana ón 18 Eanáir 2018. Déanfar an chumhacht sin a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí 5 bliana mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin. Leis an mír chéanna, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana.

Comhlíonann an tuarascáil seo an oibleagáid sin.

3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Ó tháinig Rialachán (AE) 2017/2391 i bhfeidhm, níor ghlac an Coimisiún ach Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1755 ón gCoimisiún[3].

Leis an ngníomh sin leasaíodh aicmiú NUTS ar bhonn na n-athruithe sna haonaid chríochacha agus riaracháin a chuir an Bheilg, an Eastóin, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil agus an Ríocht Aontaithe in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Rialachán.

Agus an Rialachán Tarmligthe á ullmhú ag an gCoimisiún, chuaigh sé i gcomhairle i scríbhinn le stiúrthóirí staidrimh earnála agus comhshaoil agus cuntas earnála agus

[1] IO L 350, 29.12.2017, lch. 1
[2] IO L 154, 21.6.2003, lch. 1
[3] IO L 270, 24.10.2019, lch. 1

comhshaoil i mí an Mhárta 2019 agus leis an nGrúpa Saineolaithe 'Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh' i mí an Mheithimh 2019. Chuir sé gach comhairliúchán grúpa saineolaithe in iúl don Pharlaimint agus don Chomhairle agus sheol sé na doiciméid ábhartha go léir chucu go pras agus i bhfoirm chuí.

Ghlac an Coimisiún an Rialachán Tarmligthe an 8 Lúnasa 2019 agus thug sé fógra don Pharlaimint agus don Chomhairle, agus níor chuir ceachtar acu ina choinne laistigh den tréimhse chaighdeánach 2 mhí. Tháinig Rialachán Tarmligthe 2019/1755 i bhfeidhm an 13 Samhain 2019.

4. CONCLÚID

D'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe i gceart agus iarrann sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

Measann an Coimisiún gur cheart dó leanúint de na cumhachtaí tarmligthe a bheith aige de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, ós rud é go bhféadfadh sé gur gá gníomhartha tarmligthe a ghlacadh san am atá romhainn chun na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán a leasú ar bhonn athruithe sna haonaid chríochacha agus riaracháin arna gcur in iúl dó ag na Ballstáit.